Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Samhain 2022
(OR. en)

14736/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0213(CNS)**

FISC 220
ECOFIN 1161
ENER 590
ENV 1154
CLIMA 597

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena ndéantar athstruchtúrú ar chreat an Aontais le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas (athmhúnlú)<br>- Díospóireacht bheartais |

Chun treoir a thabhairt don díospóireacht bheartais a bheidh ar siúl le linn na Comhairle (Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais) an 6 Nollaig 2022, d'ullmhaigh an Uachtaránacht nóta ina bhfuil ceisteanna, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn thíos.

Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an nóta agus na ceisteanna ón Uachtaránacht a thabhairt dá aire, agus iad a chur ar aghaidh chuig an gComhairle le haghaidh na díospóireachta beartais thuasluaite.

Iarrtar ar an gComhairle (Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais) díospóireacht bheartais a thionól bunaithe ar na ceisteanna a d'ullmhaigh an Uachtaránacht.

**Athbhreithniú ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh**

**Nóta ón Uachtaránacht**

## I. RÉAMHRÁ

1. An 14 Iúil 2021, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena ndéantar athstruchtúrú ar chreat an Aontais le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas (athmhúnlú)[1], ('an togra le haghaidh Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh').
2. Is dlúthchuid den phacáiste 'Oiriúnach do 55' é an togra le haghaidh Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh[2], agus dá bhrí sin rannchuidíonn sé le spriocanna uaillmhianacha an Aontais a chur chun feidhme, is é sin laghdú 55 % ar a laghad a dhéanamh ar astaíochtaí faoi 2030 le hais leibhéil 1990 agus an aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050.
3. Saothraítear leis an togra le haghaidh Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh na cuspóirí seo a leanas:

   (a) creat oiriúnaithe a sholáthar lena bhféadfar rannchuidiú le spriocanna 2030 an Aontais agus leis an aeráidneodracht faoi 2050 i gcomhthéacs an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip; Is é a bheadh i gceist leis sin an cánachas ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas a ailíniú le beartais fuinnimh, chomhshaoil agus aeráide an Aontais, rud a chuirfeadh le hiarrachtaí laghdaithe astaíochtaí an Aontais;
   (b) creat a chur ar fáil lena gcaomhnaítear agus lena bhfeabhsaítear margadh inmheánach an Aontais trí raon feidhme na dtáirgí fuinnimh inchánach agus struchtúr na rátaí a thabhairt cothrom le dáta agus trí chuíchóiriú a dhéanamh ar an úsáid a bhaineann na Ballstáit as díolúintí agus laghduithe cánach; agus
   (c) an acmhainneacht ioncam a ghiniúint do bhuiséid na mBallstát a chaomhnú.

4. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim an 20 Eanáir 2022[3] agus ghlac Coiste na Réigiún a thuairim an 27 Aibreán 2022[4]. Tá tuairim Pharlaimint na hEorpa ar feitheamh.

[1] 10872/21
[2] 10849/21
[3] 5615/22
[4] https://webapi2016.COR.europa.eu/v1/documents/cor-2021-04801-00-00-ac-tra-en.docx/content

## II. STAID NA hIMEARTHA

5. Seoladh an anailís theicniúil ar an togra le haghaidh Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh sa Mheitheal um Cheisteanna Cánach (Cánachas Indíreach — Dleachtanna Máil/Cánachas Fuinnimh) ('WPTQ') i mí Mheán Fómhair 2021. Faoi Uachtaránacht na Slóivéine an 7 Nollaig 2021, thug an Chomhairle (Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais) dá haire, mar mhír 'A', an tuarascáil ar dhul chun cinn ón Uachtaránacht maidir leis na tograí faoin bpacáiste 'Oiriúnach do 55' ar dhéileáil Comhairle ECOFIN leo, lena n-áirítear an togra le haghaidh Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh[5]. Faoi Uachtaránacht na Fraince an 17 Meitheamh 2022, thug an Chomhairle (Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais) dá haire, mar mhír 'A', an tuarascáil ar dhul chun cinn ón Uachtaránacht maidir leis an togra le haghaidh Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh[6].

6. Ag tógáil ar an dul chun cinn a rinne na hUachtaránachtaí a bhí ann roimhe seo, rinne Uachtaránacht na Seicia dianobair ar an togra le haghaidh Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh. Ba é an cuspóir a bhí ag Uachtaránacht na Seicia an oiread dul chun cinn agus ab fhéidir a dhéanamh ar an gcomhad seo. Rinneadh an scrúdú teicniúil ar an togra sa Mheitheal um Cheisteanna Cánach an 19 Iúil, an 12 Meán Fómhair, an 12 Deireadh Fómhair, an 10 Samhain agus an 17 Samhain 2022.

7. I mí Iúil 2022, thíolaic Uachtaránacht na Seicia téacs comhréitigh lena gcumhdaítear an togra iomlán le haghaidh Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh agus d'ullmhaigh sí téacsanna comhréitigh athbhreithnithe do na cruinnithe den Mheitheal um Cheisteanna Cánach ina dhiaidh sin. Leagtar amach an téacs comhréitigh is déanaí ón uachtaránacht in WK 14524/2022.

8. Thug Uachtaránacht na Seicia mínithe fairsinge don Mheitheal um Cheisteanna Cánach, lena n-áirítear i bhfoirm nótaí cúlra maidir le hábhair shonracha, agus ba mhór leis na toscaireachtaí iad sin. Thug Uachtaránacht na Seicia aghaidh ar réimse leathan saincheisteanna a d'ardaigh na toscaireachtaí agus d'éirigh léi tuairimí a thabhairt le chéile agus teacht ar chomhréitigh, agus spriocanna comhshaoil fadtéarmacha an Aontais á n-urramú ag an am céanna.

---

[5] 14574/21
[6] 9874/22

9. Is iad seo a leanas cuid de na hábhair ar a ndearnadh an plé ba mhó le linn Uachtaránacht na Seice, dár thug na Ballstáit, ar an iomlán, tacaíocht go forleathan:

(a) tarraingt siar an phrionsabail maidir le 'leibhéal comhionann cánachais' laistigh den chatagóir chéanna táirgí, chun níos mó solúbthachta a thabhairt do na Ballstáit chun a mbeartais chánachais a bhunú i bhfianaise bhaint amach leordhóthanach na gcuspóirí comhshaoil trí rangú ingearach catagóirí, agus chun cásanna paradacsúil a sheachaint ina mbeadh gá le rátaí cánach náisiúnta ar tháirgí a ísliú, rud a laghdódh ioncam cánach i roinnt Ballstát;

(b) cáin a ghearradh go neamhspleách ar leictreachas gan aon tagairt do tháirgí fuinnimh chun go mbeidh na Ballstáit in ann beartas cánach níos saincheaptha a chur i bhfeidhm;

(c) cóireáil cánach na dtáirgí is íogaire, lena n-áirítear an fhéidearthacht maoluithe atá teoranta ó thaobh ama de a chur i bhfeidhm maidir leis na táirgí sin (bithmhais, gás nádúrtha, gás peitriliam leachtaithe, hidrigin, etc.), chun níos mó solúbthachta a thabhairt do na Ballstáit maidir le hoiriúnú;

(d) coincheap an chánachais ar leictreachas agus ar ghás nádúrtha a thabhairt isteach an athuair ag brath ar a leibhéil tomhaltais chainníochtúla agus ar a n-úsáid chun críoch gnó nó chun críoch eile seachas gnó;

(e) íosleibhéal cánachais an Aontais a mhéadú de réir a chéile (in dhá chéim) chun leibhéal níos airde deimhneachta dlíthiúla a thabhairt do na Ballstáit agus chun an t-ualach riaracháin a laghdú don trasuí náisiúnta;

(f) an deis, go pointe áirithe, a thabhairt do na Ballstáit coincheap na dteaghlach leochaileach a shainiú, agus imthosca náisiúnta á gcur san áireamh, mar aon leis an ngné shóisialta i gcoitinne;

(g) sainmhínithe ar tháirgí in-athnuaite agus ísealcharbóin, go háirithe na sainmhínithe a chomhtháthú sa Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh seachas tagairt a dhéanamh do ghníomhartha dlíthiúla nach gníomhartha cánach iad;

(h) cóireáil cánach le táirgí measctha, go háirithe an córas a chur in oiriúint do riachtanais phraiticiúla gnólachtaí agus riarachán cánach, an córas a dhéanamh níos láidre maidir le calaois chánach agus feabhas a chur ar a dheimhneacht dhlíthiúil;

(i) sainmhínithe ar phróisis mhiotalóireachta agus mhianreolaíochta a shoiléiriú agus an creat ama a leagan síos dá gcánachas;

(j) rogha a thabhairt isteach do na Ballstáit cánachas a chur i bhfeidhm níos déanaí ar leictreachas a úsáidtear d'iompar iarnróid, do mheitreo, do thram agus do bhusanna tralaí.

Cé go bhfuil Uachtaránacht na Seice den tuairim go ndearnadh an plé ar na hábhair thuasluaite ar bhealach éifeachtach ar leibhéal WPTQ, tá roinnt obair theicniúil fós le déanamh chun teacht ar réitigh a bheidh inghlactha ag na Ballstáit uile. Tá roinnt Ballstát nach bhfuil fós in ann tacú leis an téacs ón Uachtaránacht nó a bhfuil forchoimeádais ghrinnscrúdaithe acu. Mar sin féin, chuir formhór na mBallstát tuairim dhearfach in iúl maidir leis na hathruithe a moladh agus maidir leis an mbealach chun cinn.

10. Is iad seo a leanas roinnt de na hábhair a pléadh le linn Uachtaránacht na Seice, ar a ndearnadh dul chun cinn go pointe áirithe, ach a bhfuil gá fós le tuilleadh oibre ina leith:
   (a) an luas lena bhfuil na rialacha nua á gcur chun feidhme go céimneach agus an luas lena bhfuil roinnt díolúintí d'earnálacha na heitlíochta agus na mara á ndíothú, lena n-áirítear iascaigh, agus sainiúlachtaí geografacha na mBallstát á gcur san áireamh ag an am céanna;
   (b) íosleibhéil chánachais an Aontais agus cuspóirí comhshaoil an togra le haghaidh Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh á gcur san áireamh (mar shampla, rinneadh plé ar chur chuige dhá chéim a dhéanfaí de réir a chéile ach níor tosaíodh aon díospóireacht go dtí seo maidir le leibhéil bheachta an chánachais);
   (c) níos mó ama chun na rialacha nua a oiriúnú trí idirthréimhsí éagsúla, ar cheart iad a mheas le chéile laistigh de chreat iomlán na Treorach maidir le Cánachas Fuinnimh a bheidh ann amach anseo agus freisin i gcomhthéacs na n-imthosca geopholaitiúla agus meascán fuinnimh na mBallstát atá ann faoi láthair;
   (d) idirghníomhaíocht na Treorach maidir le Cánachas Fuinnimh a bheidh ann amach anseo le comhaid eile atá sa phacáiste 'Oiriúnach do 55', amhail an t-athbhreithniú ar Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh[7], agus leis na rialacha maidir le státchabhair (go háirithe Rialachán Ginearálta na Blocdhíolúine atá á athbhreithniú faoi láthair).

In ainneoin na dianoibre a rinneadh ar chomhad na Treorach maidir le Cánachas Fuinnimh, chuir castacht an chomhaid bac ar chomhaontú go dtí seo. Mar sin féin, tá Uachtaránacht na Seice den tuairim go bhfuil na Ballstáit tiomanta leanúint den obair ar an gcomhad, go háirithe ar na hábhair thuasluaite, d'fhonn teacht ar chomhréitigh agus, ar deireadh, teacht ar chomhaontú d'aon toil a luaithe is féidir.

---

[7] 10875/21

## III. CEISTEANNA LE CUR AR NA hAIRÍ

11. I bhfianaise an mhéid thuas agus chun treoir pholaitiúil a fháil maidir leis an mbealach chun cinn maidir le comhad na Treorach maidir le Cánachas Fuinnimh, iarrtar ar na hAirí a dtuairimí a chur in iúl maidir leis na ceisteanna seo a leanas a d'ullmhaigh an Uachtaránacht:

*1) An aontaíonn tú gur cheart don obair bhreise a dhéanfar ar chomhad na Treorach maidir le Cánachas Fuinnimh a bheith bunaithe ar an dul chun cinn atá déanta go dtí seo, chun cur ar chumas na mBallstát spriocanna fadtéarmacha comhshaoil an Aontais a chomhlíonadh, agus solúbthacht leordhóthanach a thabhairt do na Ballstáit ag an am céanna, agus a gcórais chánach náisiúnta á gcur san áireamh, agus feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh á áirithiú ag an am céanna?*

*2) Ós rud é gur cuid den phacáiste 'Oiriúnach do 55' comhad na Treorach maidir le Cánachas Fuinnimh, an aontaíonn tú gur cheart, leis an obair a dhéanfar amach anseo, iarracht a dhéanamh teacht ar chomhréiteach lena mbainfear cothromaíocht amach idir íosleibhéil chánachais an Aontais agus fad na n-idirthréimhsí chun freastal ar imthosca eacnamaíocha, geopholaitiúla, geografacha agus sóisialta na mBallstát, go háirithe i ndáil leis na hearnálacha is íogaire?*